

Mar gheall ar athruithe reachtaíochta, cuirtear fostóirí ar an eolas faoi leasú ar Chiorclán 0029/2018 dar teideal 'Scéim Iasachta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'. Féach ar [Nóta Faisnéise TC/IN 0003/2023](#).



Ciorclán 0029/2018

**Chuig: Údaráis Bhainstíochta na mBunscoileanna,
Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna
Cuimsitheacha aitheanta
agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**SCÉIM IASACHTA DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE
i
mBUNSCOILEANNA AGUS in IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna thú na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur chun feidhme maidir leis an Scéim Iasachta do mhúinteoirí cláraithe incháilithe atá fostaithe i bpost teagaisc ceadaithe arna maoiniú ag airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

Caithfidh gach fostóir na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur chun feidhme le héifeacht láithreach agus ní mór do gach múinteoir cloí le téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe na scéime Iasachta.

Glacfaidh an Ciorclán sin in ionad gach Ciorcláin, meabhráin, rialach agus rialacháin roimhe seo i ndáil le múinteoirí cláraithe ar Iasacht i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta.

Déan cinnte de, le do thoil, go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear an t-ábhar ann ar aird gach múinteora i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag an nasc a leanas: www.education.ie Baile-Foireann Oideachais/Seirbhísí/Iasacht.

Alfie Barrett
Múinteoir/Téarmaí & Coinníollacha SNA
9^ú Aibreán, 2018

Padraig Maloney
Roinn an Phárolla
9^ú Aibreán, 2018

Clár Ábhair

Clár ábhair

Sainmhínte

1. Ar iasacht
2. Beartas na scoile/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le hiasacht múinteoirí cláraithe
3. Incháilitheacht
4. Clárú múinteoirí
5. Socruithe iasachta
6. Iarratas ar iasacht
7. Comhaontú iasachta
8. Íocaíocht tuarastail le linn iasachta
9. Foirceannadh iasachta
10. Múinteoirí ionaid a cheapadh
11. Poist freagrachta le linn do dhuine a bheith ar iasacht – meánscolaíocht
12. Ceart painéil le linn iasachta – bunscolaíocht
13. Fostaíocht sheachtrach le linn a bheith ar iasacht
14. Asláithreacht le linn a bheith ar iasacht
15. Sochair um Chosaint Shóisialta - Breoiteacht, Saoire Máithreachais, Sochar Uchtaíoch Atharthachta
16. Scéim Pinsin
17. Slánaíocht
18. Aisíocaíocht don phámháistir (iasacht iomlán aisghabhála)
19. Comhlíonadh
20. Seoladh Comhfhreagrais
21. Coimeád doiciméadúchán/Cosaint Sonraí

SCÉIM IASACHTA

Sainmhínte

Chun críocha na scéime tá na cialla a shanntar dóibh anseo thíos ag na téarmaí sin a leanas mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt.

Is ionann **post teagaisc ceadaithe** agus post teagaisc, cibé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha, a leithdháileann an Roinn agus a mhaoinítear as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

Ciallaíonn **CTÉ** conradh tréimhse éiginnte.

Ciallaíonn **RGFCS** an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Ciallaíonn **Fostóir** Bord Oideachais agus Oiliúna (B00) do ghairmscoileanna/do choláistí pobail, scoileanna náisiúnta pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna (lena n-eisiatar pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean mar is iomchuí maidir le cúrsaí a leagtar amach sa Chiorclán sin.

Seasann **RGCS** don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679).

Ósteagraíocht is ea an eagraíocht a bhfuil an duine atá ar iasacht á shannadh di go sealadach chun críocha agus fad tréimhse an tsocráithe iasachta agus soláthraíonn sé an duine atá ar iasacht leis an gconradh cuí.

Is é is **Córas Éilimh Ar Líne** (CÉI) ann ná an córas atá ann faoi láthair chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus ionadú a éileamh ag feidhmiú i mbunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha.

Pámháistir – an duine/an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna atá i gceist i gcás múinteoirí bunscoile, scoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus na Boird Oideachais agus Oiliúna i gcás na ngairmscoileanna/múinteoirí choláistí pobail.

Iasacht Aisghabhála:

Is éard is **iasacht iomlán Aisghabhála** ann ná iasacht i gcás ina bhfuil an **ósteagraíocht** faoi dhliteanas ar chostas iomlán an té atá ar iasacht.

Is éard is **iasacht Neamh-Aisghabhála** ann ná iasacht nuair a íocann an Roinn costas an té atá ar iasacht.

Is é **duine atá ar iasacht** ná an fostaí atá á shannadh go sealadach faoi théarmaí na scéime seo.

Tosaíonn an **scoilbhliain** ar an 1 Meán Fómhair agus críochnaíonn sí ar an 31 Lúnasa an bhliain dár gcionn.

Is ionann **múinteoir** agus duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Is ionann **an Roinn** agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

1. Ar iasacht

- 1.1 Déanann iasacht foráil ar shocrú d'eagraíocht sheachtrach chun freastal ar riachtanais speisialaithe acmhainní daonna trí mhúinteoir a shannadh ar bhonn sealadach i gcás nach féidir freastal go héifeachtúil leis an díth sin tríd an ngnáthphróiseas ceapacháin. Féadann an iasacht a bheith ina gné thábhachtach d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach an mhúinteora freisin. Féadfaidh iasachtaí a bheith tairbheach do scoileanna agus d'fhoghlaimeoirí nuair a fhilléann an té a bhí ar iasacht ar an scoil.
- 1.2 Tá an scéim iasachta deartha chun sannadh sealadach múinteora a éascú do phost in ósteagraíocht, áit a bhfuil an obair atá le déanamh ag an múinteoir ar iasacht chun tairbhe go soiléir don chóras oideachais agus/nó ar mhaithe le leas an phobail.
- 1.3 Ní mór iasacht a bheith bunaithe ar chomhaontú idir an múinteoir, an fostaí agus an ósteagraíocht. Tá socruithe iasachta faoi réir cheadú na Roinne/BOO.

2. Beartas Scoile/BOO ar iasacht múinteoirí cláraithe

- 2.1 Déanfaidh gach fostóir polasaí a fhorbairt agus a chothabháil chun múinteoirí cláraithe a fháil ar iasacht i bpoist cheadaithe arna maoiniú ag airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.
- 2.2 Le linn an beartas seo a dhréachtú, beidh tosaíocht ag riachtanais leasa agus oideachais na ndaltaí i ngach cás.
- 2.3 Tabharfaidh an beartas seo aird chuí ar chumas na scoile chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh dá daltaí agus d'fhéadfadh sé sin teorainn a chur le líon na mball foirne a d'fhéadfadh leas a bhaint as iasacht ag aon am amháin.
- 2.4 Caithfidh fostóirí breithniú a dhéanamh ar iarratais i gcomhthéacs saoire neamhrechtúla agus saoire reachtúla eile agus áirítear leis sin múinteoir athsholáthair cáilithe cuí eile a bheith ar fáil.
- 2.5 Agus iarratais ar iasacht á gcur san áireamh, iarrtar ar fhostóirí cuspóirí agus beartais náisiúnta/oideachais a bhreithniú agus scaoileadh múinteoirí chuig cláir náisiúnta chun tairbhe an chórais oideachais níos leithne a éascú nuair is féidir. Ní mór d'fhostóirí a bheith ar an eolas faoin sochar a thabhóidh an fostóir ón té a bhí ar iasacht agus é/í ar ais ar an scoil.

3. Incháilitheacht

- 3.1 Tá iarratais ar iasacht teoranta do mhúinteoirí cláraithe atá fostaithe i bpoist teagaisc ceadaithe i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta arna maoiniú as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.
- 3.2 Ní fhéadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar phost iasachta ach amháin sa chás ina bhfuil sé/sí:
- a) cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta
 - b) tá 12 mhí de sheirbhís leanúnach leis an bhfostóir reatha arna chríochnú aige/aici ar bhonn sásúil, faoi dheireadh na scoilbhliana ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.
 - c) ní sháraíonn sé/sí na teorainneacha atá leagtha amach i mír 5.3 thíos.
- 3.3 Ag an tráth a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh, ní mór don mhúinteoir conradh a bheith aige/aici lena f(h)ostóir ar feadh tréimhse atá ar a laghad comhionann nó níos faide ná tréimhse na dara iasachta dá bhfuil sé/sí ag cur isteach uirthi.

4. Clárú Múinteoirí

- 4.1 Éilítear ar an duine ar iasacht clárú a choinneáil leis an gComhairle Mhúinteoireachta don tréimhse iasachta. Má theipeann ar dhuine chlárú a choinneáil leis an gComhairle Mhúinteoireachta i rith thréimhse na hiasachta ní íocfar an tuarastal leis/léi de réir na bhforálacha reachtacha a bheadh i bhfeidhm ag an am.

5. Socruithe iasachta

- 5.1 Chun leanúnachas a chinntiú in obair na scoile, is gnách gurb é an tréimhse íosta ina bhféadfar iasacht a dheonú bliain scoile amháin a thosóidh ar an 1 Meán Fómhair agus dar críoch an 31 mí Lúnasa na bliana dár gcionn agus tá sé faoi réir ag iarratas bliantúil ag baint úsáide as an bhFoirm Iarratais in Iarscríbhinn A.
- 5.2 In imthosca eisceachtúla féadfaidh fostóir socrú iasachta a údarú chun tús a chur le linn na scoilbhliana agus críochnóidh sé tráth nach luaithe ná deireadh na scoilbhliana

céanna. Déanfar cuid de scoilbhliain ar iasacht a áireamh mar bhliain scoile iomlán chun críocha aon teorainneacha iasachta a ríomh.

5.3 I gcás ina gceanglaítear ar sheirbhísí an té ar iasacht ar feadh tréimhse níos faide ná scoilbhliain amháin, féadfar an tréimhse a shíneadh trí thréimhsí d'aon scoilbhliain amháin. I gcásanna den sórt sin beidh ceadú faoi réir na nithe a leanas:

a) Tréimhse uasta 5 bliana scoile le haghaidh iasachtaí d'eagraíochtaí seachtracha.

b) Tréimhse uasta 5 bliana scoile le haghaidh iasachtaí do chlár náisiúnta arna maoiniú ag an Roinn nó le comhlachtaí ionadaíochta scoile/foirne. Ní fhéadfar an teorainn seo a shíneadh ach amháin i gcúinsí teoranta ina gcinnfidh an Roinn/BOO gur gá an duine atá ar iasacht a choinneáil chun críocha ceannaireachta, leanúnachais, pleanáil cáilíochta nó bainistíochta. I gcás ina n-eascraíonn na heisceachtaí seo, chomh maith leis an iarratas foirmiúil, ní mór comhaontú foirmiúil a bheith ann freisin idir an roinn ábhartha den Roinn/BOO agus an ósteagraíocht sula leanfaidh an iasacht níos faide ná an tréimhse 5 bliana.

c) Tá na hiasachtaí iasachta do scoileanna Eorpacha faoi rialú go sonrach ag Rialacháin Fhoireann Iasachta na hEorpa (féach www.eurasc.eu). Tá tosaíocht ag baint leis na rialacháin thuasluaite i nithe a bhaineann leis an méid a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

- Fad na hiasachta
- Gach teidlíocht agus socruithe saoire
- Socruithe foirceanta/scoir
- Atosú ar dhualgas tar éis iasachta
- Íocaíocht tuarastail

d) Tá iasachtaí d'Ionaid Tacaíochta Stiúrthóirí Oideachais faoi rialú ag Rialacháin Ionstraim Reachtúil Uimh. 394/2017 Ionaid Tacaíochta Oideachais (Ceapacháin agus Iasachtaí Stiúrthóirí) 2017 (féach www.irishstatutebook.ie). Tá tosaíocht leis na rialacháin thuasluaite i nithe a bhaineann leis an méid a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

- Incháilitheacht
- Fad na hiasachta

e) Is é 5 scoilbhliain an tréimhse iasachta uasta atá ceadaithe san iomlán ach amháin mar atá léirithe ag b), c) agus d) thuas.

- 5.4 I gcás ina mbeidh duine a bhí ar iasacht roimhe agus é/í ag feidhmiú ina dhiaidh sin mar mhúinteoir i bpost teagaisc ceadaithe, ní bheidh sé/sí i dteideal iasacht eile ach amháin i gcás go bhfuil tréimhse na seirbhíse teagaisc sin comhionann leis an tréimhse iasachta roimhe sin, nó níos mó ná sin.
- 5.5 Áireofar i ríomh na dteorainneacha iasachta tréimhsí iasachta roimh fhoilsiú an Chiorcláin seo.
- 5.6 Féadfaidh an duine ar iasacht, an fostóir, an ósteagraíocht agus an Roinn/BOO tréimhse iomlán beartaithe na hiasachta a aontú ag tús an tsocraithe iasachta. I ngach cás, áfach, tá an socrú iasachta fós faoi réir iarratais bhliantúil agus ceadú ón Roinn/BOO.
- 5.7 De ghnáth ní mór don duine ar iasacht fógra a thabhairt dá f(h)ostóir chomh luath agus is féidir, ach tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán má tá sé ar intinn aige/aici filleadh ó iasacht do phost teagaisc ceadaithe ag tús na chéad scoilbhliana eile.
- 5.8 Is í freagracht an duine atá ar iasacht a bheith ar an eolas faoi rialacháin nó faoi Chiorcláin na Roinne a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá (h)iasacht.

6. Iarratas ar Iasacht

- 6.1 Ag leanúint ón gcomórtas earcaíochta don phost iasachta, ní mór don mhúinteoir, don ósteagraíocht agus don fhostóir na codanna ábhartha den Fhoirm Iarratais a chomhlánú in Iarscríbhinn A (Cuid 1 le comhlánú ag an bhfostaí, Cuid 2 ag an ósteagraíocht agus Cuid 3 ag an bhfostóir).
- 6.2 I gcás ina gceadóidh an fostóir an chéad iarratas ar iasacht nó síneadh ar iasacht de réir pholasaí iasachta na scoile agus/nó téarmaí agus coinníollacha an Chiorcláin seo, caithfidh an fostóir é a thabhairt ar ais chuig rannóg iomchuí na Roinne faoin spriocdháta, an 1 Bealtaine lena cheadú. Féadfaidh an fostóir iarratas déanach a bhreithniú i gcúinsí eisceachtúla.
- 6.3 I gcás ina ndiúltaíonn an fostóir an chéad iarratas ar iasacht nó síneadh ar iasacht de réir bheartas iasachta na scoile agus/nó téarmaí agus coinníollacha an Chiorcláin seo, ní mór don fhostóir an cinneadh a chur in iúl don iarratasóir i scríbhinn agus ar an gcúis/na cúiseanna ar diúltaíodh é laistigh de thrí seachtaine ón iarratas.
- 6.4 Déanfaidh an Roinn/BOO an iasacht a cheadú i gcás go gcomhlíonann an t-iarratas téarmaí agus coinníollacha an Chiorcláin seo agus i gcás aisghabháil iomlán nuair nach bhfuil aon fhiachas gan íoc i leith socrú iasachta roimhe seo a bhaineann leis an

ósteagraíocht chéanna. Cuirfear cinneadh na Roinne in iúl don fhostóir agus don ósteagraíocht i scríbhinn.

7. Comhaontú Iasachta

- 7.1 Ní mór don ósteagraíocht Comhaontú Iasachta a chur i bhfeidhm ag tús na hiasachta.
- 7.2 Áireofar sa Chomhaontú seo ainmneacha an té ar iasacht, na hósteagraíochta agus an fhostóra agus ráiteas i scríbhinn ar shonraí théarmaí fostaíochta an té ar iasacht e.g. áit agus uaireanta oibre, dualgais/freagrachtaí, an tsocraithe iasachta, socrúithe saoire ón bhfostaíocht, nósanna imeachta smachta/gearáin, polasaithe an fhostóra agus na hósteagraíochta (e.g. sláinte agus sábháilteacht, ciapadh, cosaint leanaí srl).
- 7.3 Déanfaidh an fostaí, an ósteagraíocht agus an fhostóir an Comhaontú a shíniú agus a dhátú.

8. Íocaíocht Tuarastail le linn na hIasachta

- 8.1 Tá luach saothair daoine atá ar iasacht i gcónaí faoi réir na Roinne ábhartha agus/nó faoi réir Rialachán agus Ciorclán na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

9. Foirceannadh na hIasachta

- 9.1 Ní fhéadfar socrú iasachta a fhoirceannadh ach amháin, roimh an 31 Lúnasa, sna cúinsí seo a leanas:
- a) I gcás ina bhfuil an fhostóir ar an eolas nach bhfuil an socrú iasachta ag feidhmiú ar mhaithe le leas na ndaltaí, nó
- b) I gcás ina bhfuil an duine atá ar iasacht ag éirí as a p(h)ost teagaisc/nó ag cur chun críche lena c(h)onradh fostaíochta lena scoil, nó
- c) I gcás ina gcinnfidh an Roinn/BOO nach gcomhlíontar téarmaí na scéime seo agus an tsocraithe iasachta, nó
- d) I gcás go bhfuil deireadh leis an ósteagraíocht nó leis an gclár/tionscadal náisiúnta.

- 9.2 Má thagann deireadh leis an iasacht ar chúis ar bith lena n-áirítear deireadh na tréimhse iasachta, déanfaidh an ósteagraíocht an Roinn/BOO a chur ar an eolas láithreach, ach iad a bheith ar an eolas faoin bhfoirceannadh sin trí fhógra ón té ar iasacht nó ar shlí eile, agus faoi chúinsí an fhoirceanta sin. Ní mór fógra cuí a thabhairt do gach páirtí foirceanta.
- 9.3 I gcás nach bhfilleann duine atá ar iasacht ar a p(h)ost teagaisc ceadaithe ag deireadh na tréimhse iasachta ceadaithe agus nach bhfuil a p(h)lean curtha in iúl, déanfaidh an fostóir cibé gníomh a mheasann sé is iomchuí, agus cuirfidh sé/sí an Roinn/BOO ar an eolas láithreach maidir le híocaíocht tuarastail.

10. Múinteoir Athsholáthair a Cheapadh

- 10.1 I gcás ina mbeidh múinteoir athsholáthair le fostú ní mór an post a líonadh de réir na rialacha reatha maidir le hearcaíocht múinteoirí agus tabharfar Conradh téarma seasta ar fáil dó/di a chríochnaíonn ag deireadh na scoilbhliana nó ar an dáta fillte/ éirí as obair/scoir don té atá ar iasacht, cibé acu sin is luaithe a thagann. Féadfaidh an múinteoir athsholáthair a bheith incháilithe do CTÉ de réir Chiorclán na Roinne ábhartha.

11. Poist Freagrachta le linn do dhuine a bheith ar iasacht

- 11.1 Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht i socrú iasachta difear do shinsearach an duine atá ar iasacht ina p(h)ríomhfhostaíocht agus cuirfidh an Bord Bainistíochta/BOO in iúl d'iarrthóirí maidir le haon phost freagrachta a d'fhéadfadh a bheith folamh sa scoil le linn na hiasachta.
- 11.2 I gcás ina gceapfar an duine atá ar iasacht i bpost Freagrachta le linn na hiasachta;
- a) Ní íocfar an liúntas cuí maidir le post freagrachta ach leis an duine ar iasacht nuair a thiocfaidh sé/sí ar ais chuig a bpost teagaisc ceadaithe sa scoil;
- b) Féadfar an post freagrachta folamh a líonadh ar bhonn sealadach ar feadh thréimhse na hiasachta.
- 11.3 Déanfar post freagrachta atá fágtha ag duine atá ar iasacht, agus atá laistigh de leithdháileadh poist ceadaithe na scoile (de réir Chiorclán na Roinne ábhartha), a líonadh ar bhonn sealadach ar feadh thréimhse na hiasachta.

11.4 Beidh ceapachán, agus freagracht ar íocaíocht i leith Poist Freagrachta á fheidhmiú de réir na gCiorclán agus/nó rialacháin eile is infheidhme.

12. Cearta an Phainéil le linn na hiasachta – Bunscoil

12.1 Féadfaidh múinteoir atá ar tí dul ar an bpríomh-phainéal ath-implonaithe a gcearta painéil a chur siar chun páirt a ghlacadh i socrú iasachta de réir na socruithe ath-implonaithe comhaontaithe ag leibhéal na Bunscoile le haghaidh barrachas buan agus múinteoirí a bhfuil CTÉ acu. Faoi na socruithe atá ann faoi láthair, is é 5 bliana scoile an tréimhse is faide ar féidir le hiasachtaí a gcearta painéil a chur siar.

13. Fostaíocht sheachtrach le linn a bheith ar iasacht

13.1 Níl sé ceadaithe do dhuine atá ar iasacht dul i mbun fostaíochta seachas leis an ósteagraíocht gan toiliú na hósteagraíochta, an fhostóra agus na Roinne/BOO.

14. Saoire le linn a bheith ar iasacht

14.1 Ní mór don duine atá ar iasacht a chur in iúl dá n-ósteagraíocht faoi gach neamhláithreacht agus i gcás Saoire Breoiteachta ní mór teastais leighis a chur isteach. Caithfidh an ósteagraíocht fógra i scríbhinn a sheoladh faoi gach saoire (seachas saoire bhliantúil) agus cóipeanna de theastais leighis i gcás Saoire Breoiteachta a sholáthar don fhostóir, de réir mar a fhaigheann siad iad. Cuirfidh an fhostóir asláithreachtaí uile an duine atá ar iasacht ar chóras éilimh ar líne/BOO.

15. Teidlíochtaí um Chosaint Shóisialta – Breoiteacht, Máithreachas, Sochar Uchtaíoch Atharthachta.

15.1 Sochar Breoiteachta

a) Ba chóir éilimh ar Shochar Breoiteachta d'iasachtaithe a chur faoi bhráid an Phámháistir ábhartha faoi na socruithe atá i bhfeidhm do mhúinteoirí.

b) Ba cheart go gcoinneodh daoine atá ar iasacht iad féin ar an eolas maidir le haon athruithe ar na scéimeanna a thugtar isteach agus a bhfuil cur síos orthu i gCiorcláin na Roinne.

c) I gcás scoileanna Eorpacha, caithfidh an té atá ar iasacht bunchóipeanna dá dteastais leighis ón dochtúir a chur faoi bhráid an Phámháistir, a chuirfidh ar aghaidh iad ansin chuig an RGFCs.

15.2 Sochar Uchtaíoch, Máithreachais, Atharthachta.

a) Ní teidlíocht reachtúil é leanúint den tuarastal le linn saoire máithreachais/atharthachta nó saoire uchtaíoch agus tá sé ag brath ar chomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha comhaontaithe den Scéim Saoire Máithreachais/Atharthachta/Saoire Uchtaíoch do mhúinteoirí.

b) Ba cheart go dtabharfaidh an duine atá ar iasacht fógra don Phámháistir láithreach maidir le haon ghníomh a bhfuil gá le coigeartú ar phá an mhúinteora.

c) Faoi rialacháin RGFCs, eiseofar aon sochar máithreachais/atharthachta/sochar uchtaíoch a bheidh iníoctha ag RGFCs chuig ranníocóirí ÁSPC ar an ráta iomlán (Aicme A) go díreach chuig an múinteoir atá i gceist. Déanfaidh an Pámháistir asbhaint ar dtús as an tuarastal a bheidh coibhéiseach le huasmhéid an ráta sheachtainiúil de Shochar Máithreachais/Atharthachta is iníoctha leis an múinteoir.

d) Faoi rialacháin RGFCs, níl aon teidlíocht ag ranníocóirí ÁSPC ag an ráta modhnaithe (Aicme D) ar Shochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaígh. Dá bhrí sin, ní chuirtear aon asbhaint i bhfeidhm ar a dtuarastal agus fanann siad ar a ngnáthrata pá.

e) Mura bhfuil an t-uasmhéid maidir le Sochar Máithreachais/Atharthachta/Sochar Uchtaíoch is iníoctha leis an múinteoir níos lú ná an t-uasmhéid, nó mura bhfuil duine i dteideal aon Sochar Máithreachais/Atharthachta, ba chóir dó/di fógra a thabhairt don Phámháistir láithreach chun a chinntiú go bhfuil na coigeartuithe tuarastail ceart. Is féidir athruithe ar an asbhaint uathoibríoch a dhéanamh ar choinníoll go dtugann an múinteoir cóip de fhógra RGFCs i scríbhinn maidir leis an ráta iarbhír Máithreachais/Atharthachta/Sochair Uchtaígh is infheidhme, más ann dó, don Phámháistir.

f) Caithfear le híocaíochtaí Máithreachais/Atharthachta/Sochair Uchtaígh mar ioncam inchánach.

16. Scéim pinsin

16.1 Tá tréimhse na hiasachta fós inphinsin de réir na rialacha pinsin a rialaíonn fostaíocht sa phost substainteach, i.e. an post teagaisc, faoi réir íocaíochtaí cuí pinsin a íoc.

- 16.2 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é an pá is infheidhme maidir leis an bpost substainteach ar a bhfuil ranníocaíochtaí pinsin iníoctha agus ar a socrófaí sochair aoisliúntais má thagann siad le híocaíocht le linn na tréimhse iasachta nó díreach ag deireadh na tréimhse iasachta.
- 16.3 I gcás ina bhfuil an iasacht chuig tionscnamh oideachais náisiúnta lena mbaineann pá de réir téarmaí Thuarascáil Eadrána 2003, measfar gurb é an pá seo sa phost substainteach chun ranníocaíochtaí agus sochair aoisliúntais a ríomh i gcás go dtiocfadh sochair le híocaíocht le linn nó ag deireadh na tréimhse iasachta.
- 16.4 Seachas sna cásanna ina bhfuil téarmaí Thuarascáil Eadrána 2003 infheidhme, níl breisithe le pá agus/nó liúntais a dhéantar go díreach leis an duine atá ar iasacht ag an ósteagraíocht agus atá níos mó ná an pá is infheidhme maidir leis an bpost substainteach mar chuid de phá chun sochair aoisliúntais a ríomh sa phost substainteach.
- 16.5 Sa chás eisceachtúil go mbeartaíonn múinteoir glacadh le hiasacht i gcás go bhfuil an tuarastal leis an ósteagraíocht níos ísle ná mar a bhí sé ina phost substainteach, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh leis an bhfeidhm ábhartha Acmhainní Daonna/Pinsin laistigh den Roinn/BOO de réir mar is cuí chun plé a dhéanamh ar na himpleachtaí féideartha maidir le pinsean.

17. Slánaíocht

- 17.1 Slánóidh an ósteagraíocht an Pámháistir maidir le haon ghníomh faoin dlí a fhéadfaidh an duine ar iasacht a ghlacadh i gcoinne na hósteagraíochta nó an Phámháistir maidir lena gcuid fostaíochta agus iad ar iasacht.

18. Aisíocaíocht don Phámháistir (Iasacht Iomlán Aisghabhála)

- 18.1 I gcás iasachtaí aisghabhála iomlána, caithfidh na socrúithe maidir le haisíoc airgid a íoc leis an bPámháistir na nithe seo a leanas a chomhlíonadh trína ndéanfaidh an ósteagraíocht:
- a) beidh sé faoi dhliteanas as an gcostas iomlán, de réir mar a iarrann an Roinn/BOO ar bhonn bliantúil tuarastal agus liúntais an té atá ar iasacht mar aon le sciar ÁSPC agus an fhostóra agus ranníocaíochtaí aoisliúntais, le linn thréimhse na hiasachta;

- b) a bheith ar an eolas go bhfuil ráta ranníocaíochtaí ÁSPC agus aoisliúntais an fhostóra faoi réir athraithe agus go mbeidh ar an ósteagraíocht na muirir a íoc ag na rátaí athbhreithnithe, fiú má tharlaíonn athruithe den sórt sin tar éis thosú an tsocraithe iasachta;
 - c) litir ráthaíochta a sholáthar ó bhaincéir na hósteagraíochta, nó ó iniúchóir seachtrach, go mbeidh an ósteagraíocht in ann na costais a eascraíonn as an iasacht a chomhlíonadh.
- 18.2 Ba cheart aon fhiosrúcháin i ndáil leis an ollchostas reatha, lena n-áirítear rátaí ranníocaíochtaí aoisliúntais, a dhéanamh leis an bPámháistir roimh shocrú iasachta a dhéanamh.
- 18.3 Ní mór don ósteagraíocht an Pámháistir a aisíoc go hiomlán, faoin dáta a shonraítear sa sonrasc a d'eisigh an Pámháistir. Ní ghlacfar le híocaíochtaí ach trí aistriú leictreonach cistí. Cuirfidh an Pámháistir na sonraí ábhartha ar fáil don ósteagraíocht.
- 18.4 Coimeádann an Roinn/BOO an ceart an iasacht a fhoirceannadh mura gcomhlíontar téarmaí an tsocraithe aisghabhála nó má bhíonn aon mhoill ar aisíocaíocht airgid chuig an bPámháistir.
- 18.5 Nuair a bheidh an iasacht á fhoirceannadh, maidir leis an ósteagraíocht: -
- a) Beidh sí faoi dhliteanas, agus déanfaidh sí, laistigh d'aon mhí féilire den fhoirceannadh, an Pámháistir a aisíoc leis na costais ar fad gan íoc atá dlite suas go dtí dáta an fhoirceanta agus lena n-áirítear an dáta foirceanta nó, i gcás mainneachtana, fógra a thabhairt go pras don Roinn/ETB den fhoirceannadh, an dáta ar a bhfaigheann an Roinn/BOO fógra den sórt sin.
 - b) Aisíocfaidh an Pámháistir i gcás aon ró-íocaíochta, tar éis aon chostais a thabhaítear a asbhaint.
- 18.6 Ní mór don ósteagraíocht aisíoc iomlán a dhéanamh ar aon fhiachas atá gan íoc agus tá sé de dhualgas ar an bPámháistir gach airgead atá dlite a aisíoc, lena n-áirítear, más gá, trí asbhaint ó aon deontais nó íocaíochtaí eile mar gheall ar an ósteagraíocht ón Roinn/BOO.

19. Comhlíonadh

- 19.1 Ní mór do gach múinteoir agus fostóir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Má chlistear cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta déileálfaidh an fostóir leis sin faoi na nósanna imeachta araíonachta agus

d'fhéadfadh go dtiocfadh deireadh leis an tuarastal i gcás múinteoirí agus/ nó clúdach athsholáthair do scoileanna a tharraingt siar.

20. Seoladh Comhfhreagrais

- 20.1 Tabharfaidh an fostóir aghaidh ar an gcomhfhreagras riachtanach ar fad chuig an duine atá ar iasacht ag an seoladh ríomhphoist /baile is deireanaí a soláthraíodh. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir i gcás nach bhfaighidh an sealbhóir comhfhreagras den sórt sin.

21. Doiciméadú a Choinneáil/Cosaint Sonraí

- 21.1 Ní mór don fhostóir na doiciméid go léir a bhaineann le múinteoirí iasachta a choimeád leis na taifid phearsanra ábhartha agus de réir pholasaí na scoile um Chosaint Sonraí agus leis na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS). Ba cheart go mbeadh gach taifead comhfhreagrach leis an ionchur sonraí ar an gCóras Éilimh ar Líne (CÉL)/BOO ábhartha. Is féidir na taifid seo a roghnú chun iniúchadh ag oifigigh ainmnithe na Roinne.
- 21.2 Is chun críche an iasacht a phróiseáil a éilíonn an Roinn na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar an bhFoirm Iarratais. Tá sonraí iomlána faoi Bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ag leagan amach cén chaoi a n-úsáidfear sonraí pearsanta, lena n-áirítear faisnéis maidir le cearta mar ábhar sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil freisin i gcóip chrua ón Roinn ar iarratas.

IARRATAS AR IASACHT

Seo a leanas an cuspóir lena mbailíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna na sonraí ar an bhfoirm seo:

- A chur ar chumas na Roinne incháilitheacht an mhúinteora a chinneadh le haghaidh iasachta.
- A chur ar chumas na Roinne dul i dteagmháil le hiarratasóirí.
- A chur ar chumas na Roinne costais párolla a aisíoc (más ábhartha).
- Cuntas a thabhairt ar chaiteachas airgead poiblí.

CUID 1 – LE COMHLÁNÚ AG AN MÚINTEOIR

Ainm iomlán	
Seoladh baile	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	
Uimh. Phárolla: (mar a bhíonn ar an duillín pá)	
Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta	

Áirítear leis an iasacht seo: An chéad iarratas ar iasacht Iarratas ar shíneadh ar iasacht reatha

An áit iasachta a bhfuiltear ag cur iarratas isteach ar a son: _____

Ainm na hósteagraíochta: _____

Má bhí tú ar iasacht roimhe seo nó má tá tú ar iasacht faoi láthair, sonraigh líon na mblianta agus na dátaí a bhí tú ar iasacht

Deimhním gur léigh mé ábhar an Chiorcláin eo agus go gcomhlíonfaidh mé go hiomlán téarmaí agus coinníollacha na Scéime Iasachta mar atá sa Chiorclán seo agus mar atá i bpolasaí iasachta na scoile. Tugaim toiliú mo chuid sonraí tuarastail a scaoileadh chuig an ósteagraíocht (le haghaidh iasacht iomlán aisghabhála).

Síniú an mhúinteora: _____

Dáta: _____

IARRATAS AR IASACHT

CUID 2 – LE COMHLÁNÚ AG AN ÓSTEAGRAÍOCHT (Leathanach 1)

Ainm na hósteagraíochta	
Seoladh na hósteagraíochta	
Ainm Teagmhálaí laistigh den ósteagraíocht	
Uimhir Theileafóin Teagmhálaí	
Seoladh Ríomhphoist Teagmhálaí	
Teideal an phoist iasachta	
Cineál na hiasachta: Iomlán/Gan Aisghabháil	
Fad na hiasachta beartaithe	Ó: _____ Go: _____
An bhfuil an iasacht ar bhonn lánaimseartha/páirtaimseartha? (is ionann páirtaimseartha agus níos lú ná cúig lá sa tseachtain. Ba chóir líon na laethanta sa tseachtain/sa mhí a shainiú)	
Ainm na hiasachta atá beartaithe	
Má bhí an duine a bheartaítear a bheith ar iasacht, ar iasacht roimhe seo chuig d'eagraíocht, tabhair sonraí maidir le fad agus teideal an phoist	

Ní mór na sonraí billeála thíos a chomhlánú le haghaidh iasachtaí Iomlána Aisghabhála amháin.

Sonraí Billeála - Iarratas ar aisghabháil a sheoladh chuig:

Ainm (laistigh den ósteagraíocht)	
Teideal Poist	
Seoladh	
Uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist	

IARRATAS LE hAGHAIDH IASACHTA

CUID 2 – LE COMHLÁNÚ AG AN ÓSTEAGRAÍOCHT (Cuid 2)

Cuimsíonn an ósteagraíocht na doiciméid seo a leanas:-

- Réasúnaíocht agus riachtanas gnó a bhaineann leis an iasacht.
- Torthaí sonraithe ar an iasacht.
- Sainchur síos poist don phost ar iasachta atá leordhóthanach chun ligean don Roinn measúnú a dhéanamh ar ghné oideachais na hoibre sin agus ar an gcaoi a mbaineann sí le teagasc.
- Sonraíocht poist don iasacht.
- Comhaontú scríofa d'fhonn an Pámháistir a aisíoc le costas iomlán tuarastail an mhúinteora ar iasacht, lena n-áirítear gach liúntas agus costais ÁSPC agus aoisliúntais an fhostóra.
- I gcás iasachtaí aisghabhála iomlána, litir ráthaíochta ónár mbaincéir nó ó iniúchóir seachtrach, go mbeidh an ósteagraíocht óstach in ann na costais a eascraíonn as an iasacht a chomhlíonadh. (Cistí le híoc go leictreonach trí aistriú creidmheasa/buanordú).
- Slánaíocht scríofa go slánóidh sé an Roinn/BOO maidir le haon ghníomh faoin dlí a fhéadfaidh an té a bheadh ar iasacht a ghlacadh i gcoinne na hósteagraíochta nó na Roinne /BOO maidir lena c(h)uid fostaíochta agus é/í ar iasacht.

Thar ceann an eagrais óstach deimhním:

- Tá an fhaisnéis uile atá san iarratas seo cruinn.
- Beidh an ósteagraíocht freagrach as na costais go léir i ndáil le cúiteamh iomlán ar iasacht.
- Comhlíontar téarmaí agus coinníollacha na Scéime Iasachta mar atá sa Chiorclán seo go hiomlán.

Sínithe: _____

Ionad san ósteagraíocht: _____

Uimhir theileafóin: _____

Dáta: _____

IARRATAS AR IASACHT

CUID 3 – LE COMHLÁNÚ AG AN BHFÓSTÓIR

Sonraí Fostóra

Ainm agus Seoladh na Scoile	
Uimhir Rolla na Scoile	
Uimhir Theileafóin na Scoile	
Seoladh ríomhphoist na scoile	

Ionad an Mhúinteora (iasachta molta) sonraí:

- Buan Sealbhóir CTÉ
 RPT. Líon uaireanta sa tseachtain: ____ uaireanta ____ nóiméad
 Conradh seasta. Tá an conradh reatha le críochnú ar an _____

San iasacht seo: **An chéad** iarratas
 Athiarratas d'fhonn síneadh a chur le hiasacht reatha atá ann cheana

Deimhním an méid a leanas:

Comhlíontar go hiomlán téarmaí agus coinníollacha na Scéime Iasachta mar atá sa Chiorclán seo agus comhlíontar go hiomlán beartas iasachta na scoile.

Tá ceadú na hiasachta seo ar feadh scoilbhliain iomlán agus ag deireadh na bliana sin ní bheidh an duine atá ar iasacht tar éis an teorainn ama ábhartha a bhaineann le hiasachtaí a shárú.

Tá an t-iarratas ar an dara hiasacht ceadaithe ag an bhfostóir.

Síniú Phríomhoide na Scoile: _____ Dáta: _____

Síniú Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta /Síniú an Phríomhfheidhmeannaigh (BOO amháin):

_____ Dáta: _____

Ní mór Foirm Iarratais (Cuid 1, 2 agus 3) arna comhlánú go hiomlán a chur faoi bhráid na Rannóige ábhartha sa Roinn (mionsonraithe thíos) tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine.

Tabhair faoi deara: Cuirfear Iarratais Neamhiomlána ar ais chuig an bhfostóir

- **Iasachtaí chuig Clár Náisiúnta/Ionaid Oideachais Ceadaithe ag an Roinn** (iad siúd atá ceadaithe ag ROS) - Rannóg Oideachais Múinteoirí, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X659 TES@education.gov.ie
- **Iasachtaí neamh-aisghabhála chuig Comhlachtaí Bainistíochta/Ceardchumann Múinteoirí** – Rannóg Rialachais Scoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X659 schoolgovernance@education.gov.ie
- **Iasachtaí neamh-aisghabhála chuig eagraíochtaí seachtracha** – Rannóg Rialachais Scoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 schoolgovernance@education.gov.ie
- **Iasachtaí iomlána aisghabhála chuig eagraíochtaí seachtracha** – Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/SNA, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X659 teachersna@education.gov.ie
- **Iasachtaí neamh-aisghabhála chuig Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla do ról Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite** – An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X65 social_inclusion@education.gov.ie

Iarratas ar Iasacht

CUID 4 – LE COMHLÁNÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA/BOO

Catagóir Iasachta:

 Aisghabháil iomlán Neamh-aisghabháil Sonraí Eile:

Dáta Athbheithnithe na hIasachta: _____

Cead DPER faighte:

 Is ea Ní hea

(Más ábhartha)

Ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna/BOO, dearbhaím leis seo go bhfuil an t-iarratas seo ar iasacht: Faofa faoi réir an Chiorcláin seo ar Iasachtaí Diúltaithe

Cúiseanna lena dhiúltú: _____

Iarratas Iasachta arna fhorghéas ag: _____*Rannóg laistigh den Roinn/BOO:* _____*Uimhir theileafóin:* _____*Dáta:* _____*Dáta an fhógra scríofa chuig an bhfostóir agus chuig an ósteagraíocht:* _____

(Ba chóir cóip den Fhógra scríofa a bheith ceangailte leis an iarratas seo)

Ar mhaithe le húsáid na Roinne amháin	
Fógra faoin iasacht cheadaithe a cuireadh chuig an Rannán Párolla	{CUIR ISTEACH AN DÁTA}
Fógra faoia iasacht faofa (aisghabháil iomlán) a cuireadh chuig Rialú Airgeadais	{ CUIR ISTEACH AN DÁTA}

